Tusla Fostering
Gníomhaireacht Altramaithe na hÉireann
Ireland's Fostering Agency

# Scéim Urraíocht Gaeltachta

Paca Eolais 2026

# Clár Ábhair

Réamhra 4

Sonraí na hUrraíochta 5

Próiseas Iarratais 6

Ag Ullmhú don Ghaeltacht 7

Ceisteanna Coitianta 8

Tuilleadh Eolais 10

# Réamhrá

## Cuidíonn Scéim Urraíocht Gaeltachta le daoine óga i gcúram altrama chun freastal ar chúrsa samhraidh Gaeltachta tríd an chostas a chlúdach & tacaíocht bhreise airgeadais a chur ar fáil.



Tá tuilleadh i gceist le cúrsa Gaeltachta ná foghlaim na Gaeilge amháin. Tugann sé deis do dhaoine óga chun muinín & neamhspleáchas a thógáil, cairde nua a fháil, & páirt a ghlacadh i spóirt, i gceol & ngníomhaíochtaí cultúrtha.

Tacaíonn sé le daoine óga a gcuid Gaeilge a fheabhsú trí thumoideachas, chun taithí a bheith ar shaol trí Ghaeilge, & sult a bhaint as gníomhaíocht atá sábháilte, struchtúrtha & speisialta.

Do roinnt teaghlaigh, is bac costas an chúrsa. Tá sé mar aidhm ag an urraíocht seo an bac sin a shárú ionas gur féidir le tuilleadh daoine óga faoi chúram páirt a ghlacadh.

Tá sé mar aidhm ag an scéim a chinntiú go mbeidh na deiseanna céanna ag daoine óga faoi chúram ná mar atá ag a bpiaraí, chun taithí a bheith acu ar bhuntáistí oideachais, sóisialta agus cultúir a bhaineann le cúrsaí Gaeltachta.

*Tacaíonn an scéim le daoine óga trí:*

- **Fáil chothrom** do thumoideachas Gaeilge a chur ar fáil
- **Muinín** i nGaeilge labhartha a spreagadh
- **Caidreamh dearfach** & **naisc phiara** a thacú
- **Gníomhaíocht samhraidh** atá sábháilte & struchtúrtha a chur ar fáil
- **Deiseanna sa todhchaí** trí Ghaeilge a chruthú
- **Rannpháirtíocht fad saoil** leis an Ghaeilge agus cultúr a spreagadh
- **Tacaíocht** & **faoiseamh** luachmhar a chur ar fáil do dhaoine óga agus teaghlaigh

## Sonraí na hUrraíochta

Gheobhaidh gach iarrthóir rathúil:

- **Táillí iomlán cúrsa** íoctha (suas go dtí €1,290)
- **Liúntas lánroghnach €100** le húsáid do thaisteal, earraí níocháin, airgead póca, agus earraí riachtanacha eile.

Tá an scéim oscailte do dhaoine óga atá:

- faoi chúram altrama
- sa chéadbhliain go dtí an cúigiú bliain ar mheánscoil
- ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge mar ábhar scoile

Tá **24 urraíocht** ar fáil, le 4 ar fáil i ngach réigiún.

Má fhaightear níos mó iarratas incháilithe ná urraíocht atá ar fáil, cuirfear amach spásanna trí chrannchur randamach laistigh de gach réigiún.

## Próiseas Iarratais

Ní mór do dhaoine óga foirm iarratais a líonadh, le tacaíocht óna gcúramóir altrama nó oibrí naisc más gá.

Cuir an fhoirm iarratais chuig an Oifigeach Forbartha Gaeilge ar lauren.gormley@tusla.ie.

Le haghaidh spriocdhátaí iarratais agus dátaí tábhachtacha eile, amharc ar an fhoirm iarratais.



## An Cúrsa a Chur in Áirithe

Nuair a deimhnítear urraíochtaí, cuireann an duine óg agus a gcúramóir altrama **go díreach** ar an choláiste Gaeltachta aitheanta.

Deimhneofar urraíocht sula n-osclaíonn iarratais chúrsaí Gaeltachta, ag tabhairt am do theaghlaigh spás a chur in áirithe.

Is féidir urraíocht a úsáid ar aon **choláiste Gaeltachta aitheanta**.

Tá liosta iomlán de na coláistí aitheanta ar fáil ar: www.colaistigaeilge.ie/

# Ag Ullmhú don Ghaeltacht

Sula dtosnaíonn an cúrsa, cuirfidh an t-Oifigeach Forbartha Gaeilge seisiúin ullmhúcháin ar fáil d'iarrthóirí rathúla.

Clúdófar sna seisiúin seo:

- Cad atá romhat agus gnáthchúrsa an lae sa chúrsa
- Cad atá le pacáil
- Muinín a thógáil roimh an chúrsa
- Aon cheist a bheidh ag na daoine óga

Tá sé mar aidhm aige seo ná chun cuidiú le daoine óga a mhothú ullmhaithe agus muiníneach, agus a bheith ag súil leis an chúrsa sula bhfreastalaíonn siad air.



# Ceisteanna Coitianta

## 1. An féidir le duine óg urraíocht a fháil níos mó ná uair amháin?

Is féidir le daoine óga urraíocht a fháil ar feadh trí bliana.

## 2. An bhfuil mé i dteideal go huathoibríoch do bhliain 2 & 3, má fhaighim urraíocht i mbliain 1?

Tá, nuair a fhaigheann duine óg urraíocht, tá siad i dteideal í a fháil ar feadh trí bliana. Ní chaithfear cur isteach arís uirthi agus ní cuirfear sa chóras crannchuir arís iad sna blianta eile.

Ina ionad sin, beidh an t-Oifigeach Forbartha Gaeilge i dteagmháil gach bliain a chinntiú má tá siad ag iarraidh an urraíocht a úsáid sa samhradh amach rompu.

Ní mór don fhaighteoir a dheimhniú go bhfuil siad ag iarraidh an urraíocht a fháil arís. Muna bhfuil cuirfear an spás chuig duine óg eile.

## 3. Cé a íocann as an éarlais?

Ní mór don chúramóir altrama íoc as an éarlais go díreach don choláiste Gaeltachta. Cúiteoidh Tusla an éarlais seo nuair a chuirtear cruthúnas áirithinte isteach.

Glacfar le hadmháil, sonrasc nó deimhniú ríomhphoist ón choláiste a léiríonn dátaí an chúrsa mar chruthúnas.

# Ceisteanna Coitianta

## 4. An féidir liom cur isteach ar urraíocht arís muna fhaighim í sa chéad bhliain?

Is féidir le daoine óga nach bhfaigheann urraíocht a chur isteach arís uirthi an bhliain ina dhiaidh sin.

## 5. An gcaithfidh mé freastal ar choláiste Gaeltachta faoi leith?

Is féidir leat freastal ar aon choláiste Gaeltachta aitheanta. Tá liosta iomlán de na coláistí aitheanta ar fáil ar: www.colaistigaeilge.ie/



## Tuilleadh Eolais

Má tá ceist ar bith agat maidir le Scéim Urraíocht Gaeltachta nó an próiseas iarratais, téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge ar lauren.gormley@tusla.ie nó 087 1772 722.

Is taithí speisialta é cúrsa Gaeltachta. Chomh maith le feabhas a chur ar Ghaeilge, tugann sé deis do dhaoine óga muinín a thógáil, neamhspleáchas a fhorbairt, cairdeas fad saoil a dhéanamh, agus saibhreas na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge a bhlaiseadh.

Tríd an scéim seo, tá Tusla tiomanta do chinntiú go bhfuil an deis seo ag daoine óga atá faoi chúram chun páirt a ghlacadh sa taithí thábhachtach agus thairbheach é seo.

